2023/2601

22.11.2023

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2601 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Samhain 2023

lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le bainistiú na feidhmiúlachta chun bainistiú láraithe a dhéanamh ar liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil a bhfuil rochtain acu ar an gCóras Dul Isteach/Imeachta agus ar an gCóras Faisnéise Víosaí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tíortha a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar an EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ([1]), agus go háirithe an dara mír d'Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le faisnéis a mhalartú idir Ballstáit i ndáil le víosaí gearrfhanachta, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe (Rialachán VIS) ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/2226, bunaíodh an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) mar chóras a chláraíonn go leictreonach am agus áit dul isteach agus imeachta náisiúnach tríú tíortha a ligtear isteach i gcríoch na mBallstát le haghaidh gearrfhanachta agus a ríomhann fad a bhfanachta údaraithe.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 bunaíodh an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) chun sonraí a mhalartú idir na Ballstáit maidir le hiarratais ar víosaí gearrfhanachta, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe, agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh an víosa a neamhniú, a chúlghairm nó síneadh a chur léi.

(3) Ba cheart rochtain ar EES nó ar VIS chun sonraí a iontráil, a leasú, a scriosadh nó a cheadú a theorannú d'fhoireann chuí-údaraithe údaráis náisiúnta inniúla gach Ballstáit.

(4) Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt do Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais ('eu-LISA') agus don Choimisiún maidir le liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil atá i dteideal sonraí in EES nó VIS a iontráil, a leasú, a scriosadh nó a cheadú ar an leibhéal náisiúnta.

(5) Ba cheart bainistiú láraithe a dhéanamh ar na liostaí trí bhíthin feidhmiúlacht arna bunú de bhun Airteagal 9(2), an dara fomhír de Rialachán (AE) 2017/2226 agus Airteagal 6(5) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

(6) Maidir le gach údarás náisiúnta inniúil atá ar na liostaí ar tugadh fógra ina leith, ba cheart do na Ballstáit an cuspóir a shonrú chun rochtain a fháil ar EES nó ar shonraí VIS.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le bainistiú na feidhmiúlachta chun bainistiú láraithe a dhéanamh ar liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil.

([1]) IO L 327, 9.12.2017, lch. 20.
([2]) IO L 218, 13.8.2008, lch. 60.

(8) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2017/2226 agus Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) le *acquis* Schengen agus i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra maidir le Rialachán (AE) 2017/2226 agus Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo ina cheangal ar an Danmhairg.

(9) Maidir le hÉirinn, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu ([4]); dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* ([5]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A agus B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([6]).

(11) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* ([7]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A agus B, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([8]).

(12) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* ([9]) Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí A agus B de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([10]).

(13) Maidir leis an mBulgáir agus leis an Rómáin, i ndáil leis na forálacha faoin ngníomh seo a bhaineann le Rialachán (AE) 2017/2226, cuireadh an fíorú i gcomhréir leis an nós imeachta is infheidhme maidir le meastóireacht Schengen i gcríoch go rathúil, arna dheimhniú le conclúidí ón gComhairle an 9 agus 10 Meitheamh 2011 maidir le meastóireacht Schengen ar an mBulgáir agus ar an Rómáin, cuireadh forálacha *acquis* Schengen a bhaineann le Córas

([3]) Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

([4]) Tagann an Cinneadh seo lasmuigh de raon feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

([5]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

([6]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

([7]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

([8]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

([9]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([10]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

Faisnéise Schengen i bhfeidhm le Cinneadh (AE) 2018/934 ón gComhairle ([11]), agus cuireadh forálacha *acquis* Schengen a bhaineann le VIS i bhfeidhm le Cinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle ([12]), agus ó tharla sin amhlaidh, comhlíontar na coinníollacha uile le haghaidh oibríocht an Chórais Dul Isteach/Imeachta a leagtar amach in Airteagal 66(2)(b) de Rialachán (AE) 2017/2226 agus, dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit sin EES a úsáid ó thús na n-oibríochtaí. Is éard atá sna forálacha faoin ngníomh seo maidir le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 ([13]).

(14) Maidir leis an gCipir, i ndáil leis na forálacha faoin ngníomh seo a bhaineann le Rialachán (AE) 2017/2226, is éard a cheanglaítear le hoibriú EES rochtain éighníomhach ar VIS a dheonú agus na forálacha uile de *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis na Cinntí ábhartha ón gComhairle. Ní féidir na coinníollacha sin a chomhlíonadh go dtí go mbeidh an fíorú curtha i gcríoch go rathúil i gcomhréir leis an nós imeachta is infheidhme maidir le measúireacht Schengen. Níor cheart EES a bheith á oibriú ach ag na Ballstáit sin a mbeidh na coinníollacha sin á gcomhlíonadh acu ag tús oibríochtaí EES. Ballstáit nach n-oibríonn EES ó thús na n-oibríochtaí, ba cheart iad a nascadh le EES i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2226, a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha sin ar fad. Is éard atá sna forálacha faoin gCinneadh seo maidir le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003 ([14]).

(15) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) agus thug sé a thuairim uaidh an 24 Márta 2023.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Theorainneacha Cliste, a bunaíodh le hAirteagal 68 (1) de Rialachán (AE) 2017/2226.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Inneachar agus formáid liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil

1. Sonróidh na Ballstáit na húdaráis náisiúnta inniúla a bhfuil a bhfoireann chuí-údaraithe i dteideal sonraí an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES) agus an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS) a iontráil, a leasú, a scriosadh nó a cheadú, ar liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil maidir le gach córas faoi seach, dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2017/2226 agus in Airteagal 6(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ('liostaí de na húdaráis').

([11]) Cinneadh (AE) 2018/934 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2018 maidir leis na forálacha eile de *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin a chur i bhfeidhm (IO L 165, 2.7.2018, lch. 37).

([12]) Cinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 maidir le forálacha áirithe de *acquis* Schengen a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Víosaí i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin a chur i bhfeidhm (IO L 269, 19.10.2017, lch. 39).

([13]) An ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe (IO L 157, 21.6.2005, lch. 203).

([14]) An Conradh idir Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (Ballstáit an Aontais Eorpaigh) agus Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice maidir le hAontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach (IO L 236, 23.9.2003, lch. 17).

([15]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán(CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

2. Cuirfidh eu-LISA tábla caighdeánach ar fáil a chuirfidh na Ballstáit in eagar chun liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil dá dtagraítear i mír 1 a chruthú agus a thabhairt cothrom le dáta.

3. Sa tábla dá dtagraítear i mír 2, áireofar ar a laghad an fhaisnéis seo a leanas, nach mbeidh sonraí pearsanta ann, maidir le gach údarás náisiúnta inniúil a phróiseálann sonraí in EES nó in VIS:

(a) ainm an Bhallstáit;

(b) aitheantóir uathúil an údaráis;

(c) ainm an údaráis;

(d) sonraí teagmhála an údaráis;

(e) an tréimhse bhailíochta a bhaineann le rochtain ar na córais;

(f) cuspóir na rochtana;

4. Beidh roghanna scagtha sa tábla dá dtagraítear i mír 2 lenar féidir cuardaigh a dhéanamh. Beidh an méid seo a leanas, ar a laghad, i gceist sna roghanna scagtha:

(a) ainm an Bhallstáit;

(b) aitheantóir uathúil an údaráis;

(c) ainm an údaráis.

Airteagal 2

An fheidhmiúlacht a fhorbairt chun liosta na n-údarás a bhainistiú

1. Déanfaidh eu-LISA forbairt agus óstáil ar an bhfeidhmiúlacht chun bainistiú láraithe a dhéanamh ar liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

2. Leis an bhfeidhmiúlacht chun bainistiú láraithe a dhéanamh ar liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil, beifear in ann í a fhorbairt a thuilleadh chun bainistiú láraithe a dhéanamh ar liostaí breise de na húdaráis inniúla a úsáideann córais mhórscála TF eile sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.

3. Déanfaidh eu-LISA liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil a chuireann na Ballstáit ar fáil a chomhtháthú san fheidhmiúlacht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

4. Beidh eu-LISA freagrach as cothabháil theicniúil na feidhmiúlachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Airteagal 3

An fheidhmiúlacht a bhainistiú

1. Leis an bhfeidhmiúlacht dá dtagraítear in Airteagal 2(1), beidh na Ballstáit in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil a chuardach agus a cheadú i gcomhréir leis na cearta rochtana is infheidhme;

(b) a liostaí de na húdaráis náisiúnta inniúla a thabhairt cothrom le dáta.

2. Leis an bhfeidhmiúlacht, beidh na Ballstáit in ann liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil a bhainistiú. Áiritheoidh eu-LISA go mbeidh an leagan is déanaí de na liostaí sin ar fáil i gcónaí.

3. Déanfar gach modhnú a dhéanfaidh na Ballstáit ar liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil a logáil go lárnach san fheidhmiúlacht. Féadfaidh na Ballstáit cóip dá logaí a choinneáil ar an leibhéal náisiúnta.

4. Leis an bhfeidhmiúlacht, beidh na Ballstáit in ann na logaí is ábhartha dá mBallstát a rochtain agus a chuardach san fheidhmiúlacht. Beidh rochtain agus cuardach na logaí teoranta d'fhoireann chuí-údaraithe an Bhallstáit sin.

5. Féadfaidh úsáideoirí na feidhmiúlachta ainmneacha bréige a úsáid chun liostaí na n-údarás náisiúnta inniúil a chuardach, a cheadú nó a thabhairt cothrom le dáta. Beidh na hainmneacha bréige sin inrianaithe chuig céannachtaí oifigiúla na n-úsáideoirí ar an leibhéal náisiúnta.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag na forálacha sa Chinneadh seo a bhaineann le VIS ó dháta thús oibríochtaí VIS de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1134.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN